# TEACHTAIREACHT Ó ARD-RÚNAÍ CHONRADH NA GAEILGE

Táim i gcás idir dá chomhairle agus an teachtaireacht seo á chur agam chugaibh. Is maith liom an deis d'fháil chun an teachtaireacht a chur chugaibh, ach ar an dtaobh eile de, is bocht liom sibh a bheith ar deoraíocht, mar tá sibhse ar na daoine nár thug cúl le cine.

Ní uabhse a chloisfí an cheist "Cad é an mhaith í an Ghaeilge?" "Cad é an chabhair dúinn í nuair a raghaimid thar lear?" Ní chloisfí, ach an oiread agus ar chloisfí ceist dá short as béal Spáinnigh agus e ar deoraíocht ná as béal Gearmánaigh, ná as béal duine ar bith nár luigh an sclábhaíocht air. Murab ionann agus cuid eile dár gcine anseo sa bhaile níl lorg na daoirse oraibh, Dia bhur mbeannachadh.

Tá sibh ar deoraíocht, ach is mór agaibh bhur náisiún féin agus bhur ndúchas. Mura mbeadh san ní i gConradh na Gaeilge a bheadh sibh. Tá an tírghrá ag roinnt libh go fíor. Más ar deoraíocht féin díbh is féidir libh páirt a ghlacadh san obair atá ar siúl anseo sa bhaile againn d'fhonn ár náisiún gona náisiúntacht a shlánú. Is féidir libh a rá leis na daoine seo in Éireann atá fós in aghaidh na Gaeilge éirí as bheith ag tabhairt náire díbh ós comhair ciníocha eile an domhain. Abair leo an rud fearúil a dhéanamh, isé sin teanga náisiúnta a dtíre d'fhoghlaim agus a úsáid.

Is cuma cé déarfaidh a mhalairt tá ag éirí leis an obair agus tá an Ghaeilge ag teacht i réim diaidh ar ndiaidh. Ní féidir bheith ag súil go mbeidh an obair curtha i gcrích go luath. Tá saothar na mblian romhainn fós.

Thabharfadh sé misneach dúinn anseo agus misneach díbh féin sibh a theacht ar chuairt chugainn ó am go chéile. Ba bhreá linn cuid agaibh a bheith in ár dteannta 23 go 30 Iúil seo chugainn nuair a bheidh Comóradh 50 blian Éirí Amach 1916 ar bun ag Conradh na Gaeilge. Fáilteofar rómhaibh aimsir an Oireachtais i Mí Dheireadh Fómhair gach bliain. Cad faoi dráma Gaeilge a thabhairt anseo do Fhéile Náisiúnta Drámaíochta an Oireachtais a tionóltar anois ar an seachtain deireannach de Mhí Aibreáin? Caithim na smaointe sin chugaibh.

Cuireann sé áthas orainn i gcónaí nuair a bhuaileann éinne agaibh isteach chun na hoifige chugainn. Is fearr fós a bheimid in ann cóir a chur oraibh san áras nua ag 6 Sráid Fhearchair, an áit a bheidh Ard-Oifig an Chonartha feasta. Is cinnte go mbeidh cuid agaibh in Éirinn le linn na bliana 1966 do Chomóradh caoga bliain Éirí Amach 1916 agus cuirfear fíor chaoin fáilte romhaibh sa teach stairiúil seo ag 6 Sráid Fhearchair.

Cuirfidh sibh féin bhur gcomóradh féin ar bun táim cinnte agus is é mo ghuí go n-éireoidh ar fheabhas le gach rud a bheartóidh sibh chun cuimhne Laochra na Cásca a bhuanú i measc ár gcine sna Stáit Aontaithe.

--- Donnchadh Ó Súilleabháin